## Costais chomhairleoireachta

I measc na gcostas comhairleoireachta tá costas na comhairleoireachta seachtraí a thabhaítear go díreach. Sainmhínítear iad mar ghealltanais seirbhísí intleachtúla nó eolasbhunaithe a sholáthar (e.g. anailís shaineolach agus comhairle shaineolach) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, etc. a chur ar fáil a rannchuidíonn le cinnteoireacht nó le ceapadh beartas in údarás conarthach ar feadh tréimhse theoranta ama chun cúram críochta sonrach a dhéanamh.

Ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' iontu. Ní áirítear sa nochtadh seo costais a íoctar as seirbhísí iniúchóireachta lenár n-iniúchóirí, Deloitte Ireland LLP. Ach áirítear leis seirbhísí comhairleacha neamh-iniúchóireachta a íoctar le gnólachtaí cuntasaíochta eile.

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Foirgnimh & áitreabh | (122) | 61 |
| Dlí | 872 | 1,111 |
| Cánachas, Airgeadas Corparáideach, Riosca, Státchiste, Soláthar | 718 | 195 |
| Eagraíocht & Athstruchtúrú | 112 | 679 |
| Pinsin | 453 | 251 |
| Comhairle Straitéise | 106 | 72 |
| Árachas | 56 | 56 |
| Ilghnéitheach lena n-áirítear Margaíocht / CP | 49 | 407 |
| **Iomlán** | 2,244 | 2,932 |